Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2015

Centre Number

Candidate Number

# Irish

## Unit 4: Reading
## Higher Tier

*GIR42*

**[GIR42]**

**FRIDAY 12 JUNE, MORNING**

**TIME**

50 minutes.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**


Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
**You must answer the questions in the spaces provided.**
**Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.**
Complete in blue or black ink only. **Do not write with a gel pen.**
Answer **all nine** questions.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

9350

**1** Amharc ar réamhaisnéis na haimsire in Éirinn.




Scríobh an litir cheart i ngach bosca thíos.

**(A)** … beidh toirneach agus tintreach ann.

**(B)** … beidh cuid mhór sneachta ann.

**(C)** ... beidh sé iontach fuar.

**(D)** … beidh sé te grianmhar.

**(E)** … beidh sé ag cur fearthainne.


**(i)** I mBaile Átha Cliath … ☐

**(ii)** I nDoire … ☐

**(iii)** I mBéal Feirste … ☐

**(iv)** I ndeisceart na tíre … ☐ [4]

**2** Léigh an fógra thíos.




## ÓSTÁN NA GRÉINE

* * * * *

**RÁTA SAMPLACH:**
**€85 an duine**

- 50 méadar ón trá
- Club óige do pháistí faoi 10 mbliana d'aois
- Linn snámha agus sólann ar oscailt gach lá
- *WiFi* saor in aisce
- Bricfeasta ó €15 an duine
- Rátaí speisialta i rith na seachtaine
- Cúirt leadóige ag cúl an óstáin
- Fáilte roimh pheataí.

**Gabh chuig www.ostannagreine.ie**

**(lacáiste 10% leis an fhógra seo)**

Cuir tic (✓) le **ceithre** abairt atá fíor.

**(a)** Tá an t-óstán suite ar an chósta. ☐

**(b)** Tá cead ag déagóirí dul chuig an chlub óige. ☐

**(c)** Ní féidir an linn snámha a úsáid ar an Domhnach. ☐

**(d)** Tá costas ar *WiFi*. ☐

**(e)** Bíonn lacáistí ann ar an Luan. ☐

**(f)** Níl bricfeasta ar fáil san óstán. ☐

**(g)** Níl áiseanna spóirt ar bith ag an óstán. ☐

**(h)** Is féidir do mhadadh a thabhairt leat chuig an óstán seo. ☐

**(i)** Tá praghas speisialta ar fáil leis an fhógra seo. ☐ [4]

**[Turn over**

**3** Léigh an t-eolas.



**Ar mhaith leat peannchara nua?**

Imrím peil agus iománaíocht agus tá mé tugtha don snámh fosta. Is maith liom go mór dul amach le mo chairde go dtí an phictiúrlann. Bainim úsáid as mo rothar le dul ar scoil, ach ní bhím in am don chéad rang go minic!

Scríobh an litir cheart i ngach bosca thíos.

Is **(i)** ☐ le Seán an spórt agus is maith leis bheith ag amharc ar **(ii)** ☐ lena chairde. Tá spéis aige sa domhan atá thart orainn. Bíonn sé ag **(iii)** ☐ ar scoil agus bíonn sé **(iv)** ☐ don scoil anois agus arís.

[4]

| | | | |
|---|---|---|---|
| **A** | falsa | **E** | breá |
| **B** | bruscar | **F** | mall |
| **C** | scannáin | **G** | tuath |
| **D** | scoil | **H** | an bus |
| | | **I** | rothaíocht |

**4** Léigh an litir thíos.

A Ghearóid, a chara.

Beidh mo bhreithlá ann ar an tríú lá déag de Mhí Lúnasa agus ba mhór liom tú a bheith ag an chóisir an oíche sin. Beidh sé ar siúl san óstán in Iúr Cinn Trá. Tosóidh sé ar 9.00pm agus beidh ceol agus bia ann ó 10.00pm ar aghaidh. Má tá lóistín de dhíth ort tá fáilte romhat fanacht sa teach s'againne – ach cuir scairt ghutháin orm go luath mar níl ach ceithre sheomra leapa againn.

Cuir scéala chugam roimh 1ú Lúnasa, le do thoil.

Ag dúil le tú a fheiceáil ar an oíche.

Do chara buan

Éamann

PS Má tá tú ag ceannach bronntanais dom – fuair mé X-Bosca úr!

Léigh na habairtí thíos agus cuir líne faoi na **ceithre** abairt atá fíor.

**(i)** Beidh Éamann 13 bliana d'aois ar an 3ú Lúnasa.

**(ii)** Beidh an chóisir ann i rith an lae.

**(iii)** Ní bheidh an chóisir i dteach Éamainn.

**(iv)** Ní bheidh bia ar fáil ag an chóisir.

**(v)** Beidh bia ar fáil do gach duine ar a naoi a chlog.

**(vi)** Thig le Gearóid stopadh i dteach Éamainn.

**(vii)** Tá fón ag Éamann.

**(viii)** Ba mhaith le hÉamann freagra roimh 1ú Lúnasa.

**(ix)** Níl Éamann ag iarraidh bronntanas ar bith.

[4]

[Turn over

**5** Léigh an litir thíos.

> A Phóil, a chara
>
> Chuaigh mé go Béal Feirste ag an deireadh seachtaine. Chuala mé go raibh reic ann sa tsiopa ríomhairí agus fuair mé cluiche úr mar bhronntanas d'Éamann. Bhí sé ar leathphraghas!
>
> Bhuail mé le Máirtín taobh amuigh de Halla na Cathrach agus chuaigh muid faoi choinne cupán caife. Ní féidir le Máirtín bheith ag an chóisir mar go mbeidh sé ar laethanta saoire sa Spáinn.
>
> Bhí lár an bhaile iontach gnóthach agus d'imigh an t-am orm. Ní raibh mé in am don bhus ar a sé a chlog agus bhí orm tacsaí a fháil abhaile.
>
> Cuir scairt orm má tá tú ag dul chuig an chóisir. Tá m'athair sásta síob a thabhairt don bheirt againn go dtí Iúr Cinn Trá.
>
> Do chara
>
> Gearóid

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Fuair Gearóid an cluiche ríomhaire ar lacáiste 10%. ☐

**(ii)** Fuair Gearóid an cluiche ríomhaire ar lacáiste 25%. ☐

**(iii)** Fuair Gearóid an cluiche ríomhaire ar lacáiste 50%. ☐ [1]

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Beidh Máirtín ag an chóisir. ☐

**(ii)** Beidh Máirtín thar lear. ☐

**(iii)** Beidh Máirtín in Iúr Cinn Trá. ☐ [1]

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bhí scaifte mór i mBéal Feirste. ☐

**(ii)** Ní raibh mórán daoine i mBéal Feirste. ☐

**(iii)** Bhí Béal Feirste iontach ciúin. ☐ [1]

**(d)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Rachaidh siad chuig an chóisir leis an bhus. ☐

**(ii)** Rachaidh siad chuig an chóisir leis an traein. ☐

**(iii)** Rachaidh siad chuig an chóisir sa charr. ☐ [1]

**6** Léigh an litir thíos.

> A Ghearóid, a chara
>
> Go raibh maith agat as an litir. Tá mé ag dúil go mór leis an chóisir. Chuaigh mé ar an idirlíon agus cheannaigh mé cluiche d'Éamann ansin – ach tá fadhb ann. Tiocfaidh an cluiche ón tSín agus ní bheidh sé anseo in Éirinn go dtí an 18 Lúnasa – rómhall do bhreithlá Éamainn.
>
> An mbeidh tú ag stopadh thar oíche in Iúr Cinn Trá? Más mian leat, is féidir linn cuairt a thabhairt ar an bhaile mhór. Bhí mé ann uair amháin cheana féin agus is cathair álainn í. Labhraíonn cuid mhór daoine Gaeilge agus tá bunús na ndaoine iontach cairdiúil.
>
> Abair le d'athair go rachaidh mé sa charr libh go dtí an chóisir. Is féidir linn an bus a fháil ar ais. Bíonn ceann ann ó Iúr Cinn Trá go Béal Feirste gach uair an chloig agus maireann an turas trí cheathrú uaire.
>
> Do chara
>
> Pól

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Tabharfaidh Pól bronntanas d'Éamann ag an chóisir. ☐

**(ii)** Beidh bronntanas Phóil mall don chóisir. ☐

**(iii)** Níor cheannaigh Pól bronntanas ar bith d'Éamann. ☐ [1]

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bhí Pól in Iúr Cinn Trá roimhe. ☐

**(ii)** Níor thug Pól cuairt ar Iúr Cinn Trá riamh. ☐

**(iii)** Ní maith le Pól Iúr Cinn Trá. ☐ [1]

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Níl Gaeilge ar bith in Iúr Cinn Trá. ☐

**(ii)** Ní labhraíonn daoine ach Béarla in Iúr Cinn Trá. ☐

**(iii)** Tá Gaeilge ag cuid mhór daoine in Iúr Cinn Trá. ☐ [1]

**(d)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Téann bus ó Iúr Cinn Trá go Béal Feirste uair sa lá. ☐

**(ii)** Tá turas 45 bomaite ann ó Iúr Cinn Trá go Béal Feirste. ☐

**(iii)** Ní théann bus ar bith ó Iúr Cinn Trá go Béal Feirste. ☐ [1]

**7** Read the email from Gráinne in the Gaeltacht and then answer **in English** the questions which follow.

| Ó | grainnenineill@gmail.com |
|---|---|
| Chuig | ainenifhathaigh@gmail.com |

Curtha: 10.00 An Aoine 04/07/14

A Áine, a chara

Ar chuala tú gur chaill m'athair a phost? Mar gheall air sin, caithfimid dul a chónaí i Leitir Ceanainn anois.
Is fuath liom an baile mór sin mar go bhfuil sé callánach agus salach.

Níl sé cosúil le mo bhaile beag féin. Tá mo chairde uilig anseo agus is maith liom an saol ciúin. Tá imní orm go mbeidh orm aistriú chuig scoil eile.

Do chara
Gráinne

**(a)** What happened to Gráinne's dad?

______________________________ [1]

**(b)** Why does she not like Letterkenny. Give **one** reason.

______________________________ [1]

**(c)** Why is Gráinne concerned?

______________________________

______________________________ [2]

**8** Read the profile below and then answer **in English** the questions which follow.

Rugadh Hector Ó hEochagáin sa bhliain 1969 san Uaimh i gContae na Mí. Chuaigh sé ar scoil sa bhaile mhór sin, agus bhí sé in aon rang leis an fhear grinn Tommy Tiernan, cara mór dá chuid.

Chuaigh sé ar ollscoil i gColáiste na Tríonóide agus chaith sé cúpla bliain ag obair go páirtaimseartha le stáisiún raidió na hollscoile.

Sa bhliain 2009, fuair sé post le RTÉ 2fm ag cur clár bricfeasta i láthair cúig lá sa tseachtain. Tá stíl iontach cairdiúil ag Hector agus baineann sé úsáid as a chuid Gaeilge go minic agus é ar an raidió.

Bíonn sé le feiceáil ar TG4 agus go minic bíonn sé ag craoltóireacht ag leath-am ag na cluichí Gaelacha i bPáirc an Chrócaigh. Tá sé pósta le Dympna agus tá triúr mac acu. Leanann níos mó ná céad míle duine Hector ar *Twitter*.

**(a)** How are Hector and Tommy Tiernan such good friends?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Where was Hector's first radio station based?

_______________________________________________ [1]

**(c)** How is Hector's broadcasting style described?

_______________________________________________ [1]

**(d)** How does Hector involve himself in Gaelic games?

_______________________________________________ [1]

**[Turn over**

**9** Read the article below and then answer **in English** the questions which follow.

Tá an teicneolaíocht gach áit … sa bhaile, sa tseomra leapa, sa tseomra ranga, agus fiú sa phóca ag gach duine. Ní féidir éalú ón teicneolaíocht.

Ar ndóigh tá cuid mhór buntáistí léi. Is féidir teacht ar eolas ar líne go furasta agus is cuidiú mór é sin don obair scoile. Bíonn ceol, cláir theilifíse agus scannáin ar fáil láithreach bonn anois agus is féidir teagmháil a dhéanamh le daoine ar an taobh eile den domhan gan stró.

Ar an lámh eile, áfach, is iomaí míbhuntáiste a bhíonn leis an teicneolaíocht chomh maith. Caitheann daoine óga barraíocht ama ar líne, agus ní fhaigheann siad go leor aclaíochta. Déantar bulaíocht ar líne go minic agus ní féidir bheith cinnte cé leis nó léi a mbíonn tú ag caint i gcónaí.

Bíonn cuid mhór seandaoine imníoch faoi chúrsaí teicneolaíochta mar ní chreideann siad go bhfuil go leor taithí acu ar chúrsaí teicneolaíochta.

Tá an costas a bhaineann leis an teicneolaíocht ag ísliú de réir a chéile. Ach, an féidir stop a chur leis an teicneolaíocht sa lá atá inniu ann? Ní dóigh liom é…!

**(a)** Where can technology be found these days, according to the article?

________________________________________ [1]

**(b)** According to the article, what advantage does technology offer someone who enjoys music, tv and films?

________________________________________

________________________________________ [2]

**(c)** Mention **two** ways that the article claims young people are disadvantaged by technology.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(d)** According to the article, how do old people feel about technology and why?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(e)** What comment is made about the cost of technology these days?

______________________________________________ [1]

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

**BLANK PAGE**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

**BLANK PAGE**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Total Marks | |

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.